



**BEANNACHTAÍ NA
NOLLAG DAOIBH
GO LÉIR!**

TAOBH ISTIGH:

Ceacht beag	2
Dioplóma sa Ghaeilge	2
Scéal grinn	3
Turas go Nua-Shéalainn	4
Patrick Kavanagh agus an Ghaeilge	5
An Gheabhróg Rósach a shábháil	6
Ar lorg Annie	7
Biobla Bedell	8
Leabhair Gaeilge 2018	9
Crosfhocal & Cuardach focal	10
Athbhreithniú ar an mbliain	11
An tIasc Fuar (dán)	11
Oifigeach Gaelach i gCLG	12



AN TAOBH Ó THUaidh

agus ar fud na cathrach

Ná labhair faoi ach déan é

IMLEABHAR 5 EAGRÁN 6

SAMHAIN—NOLLAIG 2018

DEIREADH BHLIAIN NA GAEILGE

Tá Bliain na Gaeilge imithe anois. D'imigh sí go tapa. Arbh fhiú í? Is féidir le gach Gaeilgeoir a fhreagra féin a thabhairt don cheist sin. Ní féidir linn bheith ag brath ar dhaoine eile ná ar eagraíocht eile gach rud a dhéanamh dúinn. Cad a rinne tusa do Bhliain na Teanga? Bhí Lá Beo ann agus cuid (beag go leor i mo thuairimse) ag siúl trí Shráideanna Naofa Bhaile Átha Cliath ar son na Gaeilge. Ba cheart mórshíúl mar sin a bheith ann gach bliain. De réir a chéile a thógtar na caisleáin agus is de réir a chéile a fhásfaidh mórshíúl 4,000 duine go ceann le 100,000 ann ag léiriú a ngrá don Teanga. D'eagraigh grúpaí éagsúla rudaí difriúla i rith na bliana agus bhí raidhse ócáidí ceoil agus amhránaíochta. Bhí a lán léachtaí i nGaeilge le cloisteáil i mí na Samhna agus i mí na Nollag sa Phríomhchathair ar aon nós. Tá na Preab-Ghaeltachtachtaí ag dul ó neart go neart agus ag leathnú ar fud na tíre agus ar fud an domhain. Bhí os cionn 40 duine ag an gceann i gCois Bá do mhí na Nollag agus bhí an tábhairne lán den Ghaeilge agus den spraoi. Táimid ag feitheamh le smaoineamh iontach eile mar sin don athbhliain! Ní bhfuair muid Acht na Gaeilge sna Sé Chontae ná leasú Acht na Gaeilge sna Fiche Sé Chontae fós. Caithfidimid bheith dearfach agus b'fhéidir go mbeidh siad againn i 2019. Go mbeidh saol lán, sláintiúil, taitneamhach agus Gaelach agaibh san Athbhliain. Bígí ag labhairt na Gaeilge i measc an phobail!



CEACHT BEAG GAELIGE: SUÍOMH/GLUAISEACHT: “UP” AGUS “DOWN”



Chun “up” agus “down” a chur in iúl i nGaeilge tá sé fhocal ann: “suas”, “síos”, “thuas”, “thíos”, “anuas” agus “aníos”. Braitheann do rogha ar shuíomh/ghluaiseacht an chainteora agus an duine faoina bhfuil tú ag caint.

Má tá gluaiseacht uait i gceist baintear feidhm as “suas/síos”:

Tá mé/sí ag dul suas, tá mé/sí ag dul síos; “....going up,.....going down”.

Má tá an duine eile ag teacht chugat baintear feidhm as “anuas/aníos”:

Tá sé ag teacht anuas; “coming down (i.e. “coming from up”)

Tá sé ag teacht aníos, “coming up (i.e. “coming from down”)

Má tá tú i do stad agus an duine/rud eile ina stad in áit eile baintear feidhm as “thuas/thíos”

Tá Daidí na Nollag ag dul SUAS



Tá Daidí na Nollag ag dul SÍOS



Tá sé thuas.

Tá sí thíos.



DIPLÓMA SA GHAELIGE

Eibhlín Uí Catháin

Ba mhaith liom píosa eolais a roinnt libh, faoi Diplóma sa Ghaeilge a rinne mé. Bhí an cúrsa ar siúl sa Cholaiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, idir na blianta 2013 agus 2015. Cúrsa dhá bhliain a bhí i gceist, oíche amháin sa tseachtain ar feadh dhá uair an chloig. Bhí léachtaí breise (*extra lectures*) cúpla Satharn gach téarma coláiste chomh maith. Bhí gramadach agus obair beirte sa rang, sleachta le léamh againn agus a lán focal nua le foghlaim. Fuaireamar obair bhaile ar gramadach agus ar aistriúchán go rialta. Bhí tionscadal (*project*) le déanamh gach téarma bunaithe ar na léachtaí a fuaireamar, agus míle cúig chéad (1,500) focal ann. Bhí scrúduithe béil agus éisteachta gach bliain. Bhí cur i láthair le déanamh againn ag an deireadh faoinár rogha ábhair. Bhí beirt scrúdaitheoirí agus an rang go léir sa seomra nuair a bhí sé sin á dhéanamh againn. Ba é an chéad uair riamh a rinne mé a leithéid le teilgeoir agus Powerpoint.



“Aonach A’Phoic” an t-ábhar a bhí á phlé agam. Bhí measúnú leanúnach i rith an chúrsa. Thaitin sé sin go mór liom, mar, thaispeáin sé conas a bhí ag éirí liom. Bhí mé ag dul go maith. Chuaigh mo stór focal agus mo líofacht sa teanga freisin ó neart go neart de bharr an chúrsa. Tá mé an-bhródúil gur lean mé ar aghaidh agus gur bhain mé an Diplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach amach. Mholfainn d’aon duine é a dhéanamh!



SCÉAL GRINN NA MÍOSA

Pádraig Mac

Maistín beag gránna ab ea Micilín. Bhí sé an-dána nuair a bhí sé amuigh sa chathair lena mháthair cúpla lá roimh an Nollaig. Bhí sí i mbarr a céille aige. Dúirt sí leis go raibh Daidí na Nollag tar éis litir a chur chuici ag rá nach mbeadh sé ag tabhairt cuairt chuig a dteach Oíche Nollag. Tháinig cochall ar an rógaire beag. Chaith sé é féin síos agus thosaigh sé ag scréachach agus ag bualadh an chosáin lena chosa agus lena doirne. Stán na siopadóirí mórthimpeall ar an ruaille buaille. Tháinig maolú ar diongbháilteacht a mhamaí. Shocraigh sí géilleadh dó agus dúirt sí leis. “Is breithlá Íosa an Nollaig, fágfaidh mé thú sa séipéal thall ansin fad is a bheidh mé ag cur glaoch ar d’athair. Is féidir leat litir a fhágáil sa bheithilín ag iarraidh maithiúnais do do pheacaí agus ag gealladh Dó go mbeidh tú dea-mhúinte as seo amach. Chiúnaigh an gasúr óg agus ar aghaidh leo chuig an séipéal. D’oscail an mháthair a mála láimhe agus thug sí páipéar agus peann dá mac. Chuaigh sé isteach sa bheithilín. Thosaigh sé ag scríobh “A Íosa, bhí mé go han-mhaith i rith na bliana agus i ndíol ar sin ba mhaith liom rothar nua., Do chara Micilín”. Ansin chuimhnigh sé go raibh eolas ag Íosa faoina a ndearna sé. Stróic sé an litir agus scríobh sé ceann nua: “A Íosa, a ghrá, ní raibh mé ródhona den chuid is mó den bhliain agus mar sin tabhair dom rothar nua. Mise le meas, Micilín”. Ach i ndiaidh an litir a athléamh tháinig frídíní amhrais isteach ina intinn go ngéillfeadh Dia dá iarratas. Smaoinigh sé ar na rudaí uafásacha a rinne sé gach lá den bhliain. Stróic sé an dara litir.



Bhí múisiam air. D’fhéach sé timpeall an tséipéil agus bhuaill smaoinemh tobann é. Tháinig faghairt shotalach ina shúile agus straois ar a haghaidh. Sciob sé dealbh na Maighdine Muire ón bheithilín agus chuir sé faoina chóta í. Thosaigh sé ag scríobh arís: “A Íosa, is buachaill dalba míréireach cantalach mé agus bím ag crá mo dheirféar agus mo thuismitheoirí gach lá. Tá do mhamaí agam agus mura dtugann tú rothar nua dom um Nollaig ní fheicfidh tú arís í. Tá eolas agat fúm agus faoin díobháil atá déanta agam ó rugadh mé, mar sin tuigeann Tú go bhfuil mé i ndáiríre faoin rud a deirim”!



Foclóirín

maistín - **bully**; gránna - **nasty**; an-dána - **very bold**; amuigh - **out** roimh - **before**;
 i mbarr a céille aige - **at her wit’s end with him**; chuici - **to her**; ag tabhairt cuairte - **visiting**;
 tháinig cochall air - **he threw a tantrum**; rógaire - **rogue**; chaith sé - **he threw**; síos - **down**;
 thosaigh - **started**; ag scréachach - **screeching**; ag bualadh - **hitting**; doirne - **fists**; stán - **stared**;
 siopadóirí - **shoppers**; mórthimpeall - **surrounding**; ruaille buaille - **commotion**;
 tháinig maolú ar diongbháilteacht - **resolve weakened**; shocraigh - **decided**;
 géilleadh - **surrender**; breithlá - **birthday**; fágfaidh - **will leave**; séipéal - **church**; thall - **over there**;
 fad is - **while**; ag cur glaoch - **calling**; beithilín - **crib**; ag iarraidh - **asking**; maithiúnas - **forgiveness**;
 peacaí - **sins**; ag gealladh dó - **promising him**; dea-mhúinte - **well-behaved**;
 as seo amach - **from now on**; gasúr - **boy**; ar aghaidh - **onwards**; chuig - **to**; mála láimhe - **handbag**;
 Íosa - **Jesus**; i rith - **during**; i ndíol ar - **as a reward for**; chuimhnigh - **remembered**;
 eolas - **knowledge**; a ndearna sé - **all he had done** stróic - **tore**; ródhona - **too bad**;
 den chuid is mó - **for most**; tabhair - **give**; i ndiaidh - **after**; athléamh - **reread**;
 frídíní amhrais - **little doubts**; intinn - **mind**; iarratas - **request**; smaoinigh sé - **he thought**;
 uafásach - **awful**; múisiam - **chagrin**; d’fhéach - **looked**; timpeall - **around**;
 bhuaill smaoinemh tobann é - **he had a sudden inspiration**; faghairt - **glint**; sotalach - **impudent**;
 súile - **eyes**; straois - **smirk**; aghaidh - **face**; sciob - **snatched**; dealbh - **statue**;
 Maighdean Mhuire - **Virgin Mary**; dalba - **bold**; míréireach - **unruly**; cantalach - **bad-tempered** ;
 ag crá - **tormenting**; deirfiúr - **sister**; tuismitheoirí - **parents**; mura - **unless**;
 ní fheicfidh - **will not see**; díobháil - **damage**; ó rugadh mé - **since I was born**; tuigeann - **understand**;
 i ndáiríre - **serious**; deirim - **I say**;

TURAS GO NUA-SHÉALAINN

Georgina Ní Reannacháin

Chuaigh mé go dtí an Astráil chun bualadh le mo dheartháir atá ina chónaí in Sydney. Bhí mé ansin cúpla uair cheana ach ní raibh mé riamh sa tír atá suite 1,500 ciliméadar (900 míle) uathí trasna Mhuir Tasman, An Nua-Shéalainn. Mar sin shocraíomar dul ann ar feadh cúpla seachtain agus taisteal trí dhá oileán mhóra na tíre. Thosaigh an turas in Christchurch ar an Oileán Theas. Scríosadh Christchurch i gcith talún i 2011 agus arís dhá bhliain ó shin. Leagadh lár na cathrach i 2011 agus fuair 185 duine bás. Scríosadh gach rud i lár na cathrach - siopaí, óstáin, leabharlanna agus tithe na ndaoine. Rinneadh a lán damáiste don Ardeaglais freisin. Tá cuid de na foirgnimh atógtha anois ach tá a lán le déanamh fós.



Fuaireamar gluaisteán ar iasacht agus ar aghaidh linn síos an cósta thoir trí Mhachairí (Plains) Canterbury, áit atá plódaithe le caoirigh; Stadamar chun féachaint ar Bholláin (Boulders) Moeraki atá scaipthe ar fud trá Koekohe idir Moeraki agus Hampton. Ba é Dunedin an chéad stad eile. Tá sé suite ar thaobh thoir theas an Oileáin Theas ag barr Chuan Otago. Ba iad na Maoraigh agus daoine as Albain a lonnigh san áit seo. Tógadh a lán de na foirgnimh sa stíl Victeoiriach agus sa stíl Éadbhardach. Tá a lán conairí siúil agus rothaíochta sa cheantar. Ar Leithinis (peninsula) Otago tá albatrais, mór-rónta (sea-lions) agus piongainí súilbhúí (yellow-eyed). Thiomáineamar 276 km ar Mhórbhealach (Highway) 8 isteach go lár na tíre. Tógann sé a lán níos mó ama taisteal ar na bóithre sa Nua-Shéalainn. Bhí an ceann sin casta agus é ag dul suas agus síos. D'fhanamar thar oíche in Wanaka, áit álainn suite in aice locha agus timpeallaithe le sléibhte móra clúdaithe le sneachta. Tá cuma shuaimhneach ar an áit.




Bhí sé ar intinn againn dul go dtí an cósta thiar trí Bhearnas (Pass) Haas. Thógamar Mórbhealach 6 in aice le loch Huweau, bóthar an-chasta a éiríonn in aice an locha. Tar éis 20 km rinneamar cinneadh casadh, chuamar ar ais go dtí Wanaka chun slí níos éasca a aimsiú. Chuamar trí Bhearnas Lindis i lár na tíre. Bhí an bóthar i bhfad níos éasca agus níos compordaí dúinn. Shroicheadh dhá loch, Pukaki agus Tepako, óna raibh radharc álainn ar an uisce gormghlas agus sneachta ar na sléibhte. Bhí a lán áiteanna chun stopadh agus féachaint ar radharc suntasach - na lochanna agus Sliabh Cook (12,218 tr) an sliabh is airde sna hAlpa.

ar an áit.

Tar éis oíche a chaitheamh i mbaile beag Geraldine ar aghaidh linn ar an turas suas an tír go dtí Kaikoura. Scríosadh cuid den bhóthar ó Christchurch go Picton trí Kaikoura sa chrith talún cúpla bliain ó shin. Scríosadh an t-iaránróid freisin. Bhíodh ar muintir na háite malairt slí 9 n-uaire trí lár na tíre a dhéanamh. Anois tá an bóthar ar oscailt arís ach tá siad ag obair air fós. Tá a lán mór-rónta le feiceáil ar na clocha in aice na farraige ag Rinn (Point) Ohau. Is é Picton an port a cheanglaíonn an tOileán Theas agus an tOileán Thuaidh, an chéad bhaile eile ar an tslí. Sin áit ina bhfuil a lán fionchaor (grapes) ag fás sna fionghoirt (vineyards) timpeall Blenheim. Tar éis 1,400 km chuamar ar an mbád Islander ó Picton go Wellington. Turas maith a bhí ann, tógann an bád timpeall trí huair go leath chun dul ó oileán go hoileán trí Chaolas (Strait) Cook. Bíonn an ghaoth an-láidir ar an turas sin go minic ach bhí an t-ádh againn ar an Aoine mar bhí turas compordach againn.



Scríosadh cuid den bhóthar ó Christchurch go Picton trí Kaikoura sa chrith talún cúpla bliain ó shin. Scríosadh an t-iaránróid freisin. Bhíodh ar muintir na háite malairt slí 9 n-uaire trí lár na tíre a dhéanamh. Anois tá an bóthar ar oscailt arís ach tá siad ag obair air fós. Tá a lán mór-rónta le feiceáil ar na clocha in aice na farraige ag Rinn (Point) Ohau. Is é Picton an port a cheanglaíonn an tOileán Theas agus an tOileán Thuaidh, an chéad bhaile eile ar an tslí. Sin áit ina bhfuil a lán fionchaor (grapes) ag fás sna fionghoirt (vineyards) timpeall Blenheim. Tar éis 1,400 km chuamar ar an mbád Islander ó Picton go Wellington. Turas maith a bhí ann, tógann an bád timpeall trí huair go leath chun dul ó oileán go hoileán trí Chaolas (Strait) Cook. Bíonn an ghaoth an-láidir ar an turas sin go minic ach bhí an t-ádh againn ar an Aoine mar bhí turas compordach againn.



Scríosadh cuid den bhóthar ó Christchurch go Picton trí Kaikoura sa chrith talún cúpla bliain ó shin. Scríosadh an t-iaránróid freisin. Bhíodh ar muintir na háite malairt slí 9 n-uaire trí lár na tíre a dhéanamh. Anois tá an bóthar ar oscailt arís ach tá siad ag obair air fós. Tá a lán mór-rónta le feiceáil ar na clocha in aice na farraige ag Rinn (Point) Ohau. Is é Picton an port a cheanglaíonn an tOileán Theas agus an tOileán Thuaidh, an chéad bhaile eile ar an tslí. Sin áit ina bhfuil a lán fionchaor (grapes) ag fás sna fionghoirt (vineyards) timpeall Blenheim. Tar éis 1,400 km chuamar ar an mbád Islander ó Picton go Wellington. Turas maith a bhí ann, tógann an bád timpeall trí huair go leath chun dul ó oileán go hoileán trí Chaolas (Strait) Cook. Bíonn an ghaoth an-láidir ar an turas sin go minic ach bhí an t-ádh againn ar an Aoine mar bhí turas compordach againn.

PATRICK KAVANAGH AGUS AN GHAELIGE

Pádraig Ó Gláimhin

Rugadh Pádraig Kavanagh in Inis Caoin, Co. Mhuineacháin i 1904. Thuill a athair Séamas a bheatha mar ghréasaí (**cobbler**) agus le feirmeoireacht leorchothaitheach (**subsistence farming**). Ba í a mháthair Bríd bainisteoir na feirme. Chuaigh sé chuig Scoil Náisiúnta Chéide na Minseach ó 1909 go 1916. D'fhág sé scoil nuair a bhí sé trí bliana déag d'aois. Thosaigh sé ag obair ar an bhfeirm bheag agus ag gréasaíocht lena athair sa chistin. Ag an am céanna bhí sé ag scríobh filíochta agus ag léamh leabhar scoile a dheirfiúracha. Ar ball tháinig sé ar an iris, "*The Irish Statesman*" agus é i nDún Dealgan. D'oscail sin an domhan liteartha dó. Foilsíodh a chuid oibre i dtús i 1928 sa "*Donegal Democrat*" agus i 1929 agus 1930 in "*The Irish Statesman*". I 1931 shiúil sé 80 km go Baile Átha Cliath agus thug sé cuairt ar AE (George Russell), eagarthóir na hirise, agus thug seisean a lán leabhar do Kavanagh.



D'fhoilsigh Kavanagh a chéad leabhar filíochta, "*Ploughman and other Poems*" i 1936. Chuaigh sé go Londain ar feadh tamaill agus foilsíodh an t-úrscéal "*The Green Fool*" sa bhliain sin. Thóg Oliver St John Gogarty caingean leabhail (**libel action**) faoi rud sa leabhar. Chaill Kavanagh an cas agus bhí air £100 a íoc ach bhí aithne ag muintir BhÁC ar Kavanagh ón am sin amach. D'fhág sé an fheirm agus a mháthair i 1939 chun cónaí sa Phríomhchathair. Ba athrú mór ina shaol é sin. Thosaigh Cogadh Domhanda II agus bhí sé deacair obair mar scríbhneoir nó iriseoir a fháil. Bhí Kavanagh ag maireachtáil go beo bocht le linn an chogaidh.

Chuala Kavanagh go raibh post ar fáil i Raidió Éireann agus fuair sé agallamh le Coimisiún na Státseirbhíse. Theip air post a fháil mar ní raibh Gaeilge mhaith aige. B'fhéidir go raibh Kavanagh claonta (**prejudiced**) i gcoinne na Gaeilge ó shin. Is cinnte nár thaitin leis na daoine a d'úsáid an Teanga chun slí beatha a fháil. Cheap sé nach raibh grá acu don Ghaeilge ach mar uirlis chun éirí sa saol. Thug sé an t-ainm "**Buckleppers**" orthu.

Cén baint a bhí ag Kavanagh leis an nGaeilge? In am a shinsir labhair daoine a cheantair Gaeilge Inis Caoin. Bhí a athair dátheangach. Ach de réir a chéile bhí an Béaloideas sa cheantar ag bogadh ón Gaeilge don Bhéarla. Ina phrós agus ina luath-fhilíocht d'úsáideadh Kavanagh rithim na Gaeilge ina chuid Béarla sna comhráite dúchais ó na daoine. Bhí na daoine áitiúla go léir ag labhairt "*Hiberno-English*" (Béarla na hÉireann) gan fhios dóibh féin. Scríobh Kavanagh a fhilíocht sa bhlas céanna: "*O stony grey soil*" go "*Clay is the word*". Scríobh sé dán fada "*The Great Hunger*" i 1942 ina gcuireann sé gnáth caint nó canúint (**dialect**) mhuintir a cheantair féin i mbéal charactair an dáin. Tá an nós céanna le feiceáil ina chuid próis. San úrscéal "*The Green Fool*" tá meascán de reacaireacht liteartha agus de bhéarlagar (**patois**). D'úsáid Kavanagh béarlagar an cheantair in "*Tarry Flynn 1* (1948)" freisin.

Chaith Kavanagh céad leath dá shaoil ag obair ar fheirm bheag i Muineachán. Ba shaol tuathanach (**peasant**) é ach bhí sé tugtha an t-am céanna don léitheoireacht agus don fhilíocht.

I mBaile Átha Cliath níor mheasc Kavanagh leis an aos liteartha (literati). B'fhéidir go raibh scoilt idir daoine na cathrach agus duine ón tuath. Ní raibh meas ag Kavanagh ar scríbhneoireacht theanga Anglo-Irish mar a scríobh Lady Gregory, Synge, agus Yeats. Bhí sé i gcoinne Gaeilge éigeantaí agus athbheochan na Gaeilge. Cheap sé gur chur amú airgid agus ama é.



AN GHEABHRÓG RÓSACH A SHABHÁIL

Áine Uí Mháirtín

Dhá oileán eibhir (**granite rock**), An Chloch agus An Biolla, atá i gCloch Dábhiolla (**Rockabill, Two-bill Rock**), atá sé chiliméadar soir soir ó thuaidh (**E-N-E**) ó Na Sceirí. Carraig Dhá Bheola a ghlaonn na daoine áitiúla orthu. Is féidir taobh amháin a fheiceáil ón trá i mBaile Brigín. Scarann cuisle (**channel**), fiche méadar ar leithead, an dá oileán óna chéile. Thóg beirt dheartháir ó Luimneach, William agus James Burgess Teach Solais (**Lighthouse**) ar An gCloch idir 1855 agus 1860. Tá sé déanta as aolchloch (**limestone**) agus eibhear (**granite**). I mbliain 1989 thosaigh an Teach Solais ag

feidhmiú go huathoibríoch (**automatically**).

Chuir sé ionadh an domhain orm nuair a chuala mé go raibh clú agus cáil ar Chloch Dábhiolla mar áit chónaithe do choilíneacht Geabhróg Rósach (**Roseate Terns**), an t-éan mara is annamh feicthe in Éirinn. Is suíomh idirnáisiúnta an t-oileán do na héin. De réir an áirimh (**census**) a rinneadh i mbliana bhí 1,633 phéire Geabhróg Rósach, 2,044 phéire Geabhróg Choiteann agus 57 bpéire Geabhróg Artach, sin níos mó ná 60% de líon Geabhróga na hEorpa, ag neadú (**nesting**) ann. Tá dian obair ar siúl chun uimhreacha na n-éan sa choilíneacht a ardú bliain i ndiaidh bliana.



Caitheann na geabhróga an Geimhreadh in iarthar na hAfraice. Fanann siad ar Chloch Dábhiolla ó Aibreán go Deireadh Fómhair. Neadáíonn siad i gcoilíneacht ar an talamh, mar sin is dídean fhoirfe (**perfect shelter**) í an t-oileán agus sár-ghnáthóg phórúcháin (**breeding habitat**) do na geabhróga. Tá an suíomh dearbhaithe mar áitreabh cosanta de réir Treorach maidir le hÉin (**Birds Directive**) ón Aontas Eorpach. Tá Cloch Dábhiolla fada go leor ón mórthír nach féidir le francaigh agus minceanna snámh chuici chun na héin a ithe. Is í an Gheabhróg Rósach

an speiceas is lú ionsaitheach (**least aggressive**) de na geabhróga i gcoitinne agus neadaíonn siad leis na gnáth geabhróga.

Nuair a d'fhág na coimeádaithe (**keepers**) tí solais An Chloch tháinig Cairde Éanlaith Éireann (**Birdwatch Ireland**) go dtí an t-oileán. Go dtí sin neadach agus d'fhaigheadh na geabhróga foscadh (**shelter**) sna gairdíní a bhí ag na coimeádaithe. Chabhraigh na foirgnimh agus na ballaí le carnadh cré agus bunú fásra mongach (**uncultivated vegetation**), go háirithe hocas ard (**tree-mallow**), ar an gCloch. Chothaigh sé sin clúdach do neadú na ngeabhróg. Ó 1988 ar aghaidh bíonn beirt bhardach ina gcónaí ar an oileán ó Aibreán go Deireadh Fómhair. Cuireadh breis bosca neadaithe ar fáil do na héin thar na blianta. Faoi láthair tá naoi gcéad bosca neadaithe (**nesting boxes**) ar an oileán. Déanann na bardaigh monatóireacht ar na neadacha agus cuireann siad fáinní aitheantais ar na héin. Mar sin tá eolas acu ar sonraí pearsanta gach éin. Agus bíonn siad ag súil go bhfillfidh na héin. Deir siad go bhfuil 25 bliana d'aois ar an éan is sine sa choilíneacht.



Tá coilíneachtaí beaga ar shuímh eile, ar Oileán Mhuire (**Our Lady's Island**) in aice Ros Láir, Co. Loch Garman, ar Charraig na Maighdean i nDeilginis agus ar na Blascaodaí. Le sin ráite, tá Cloch Dábhiolla fós ina shuíomh is tábhachtaí san Eoraip do na geabhróga.



Samhradh

AR LORG ANNIE


Seán Ó hAodha

Ar na mallaibh chonaic mé clár ar BBC 2 leis an teideal “Ar Lorg Annie” agus thaitin sé go mór liom. Caoimhín Magee a bhí mar léiritheoir agus mar thaighdeoir an chláir sin. Seo daoibh an scéal.

Uair amháin chuaigh Caoimhín isteach i dteach tábhairne i nGleann Cholm Cille i nDún na nGall. Chonaic sé pictiúr ar an mballa a thaitin leis. Sa phictiúr tá bean óg ina luí ar bharr aille agus tá sí ag féachaint mórthimpeall ar an radharc álainn; ar an bhfarraige agus na dathanna éagsúla sa spéir. Bhí Magee fiosrach maidir leis an bpictiúr. “*Annie McGinley is ea í*”, dúirt an bainisteoir. D’inis sé gur chóip é de phictiúr a rinne ealaíontóir cáiliúil Meiriceánach, Rockwell Kent. Tháinig an fear sin go Dún na nGall sa bhliain 1926 agus caith sé ceithre mhí ag péinteáil na radhairc áille mórthimpeall. Shocraigh Caoimhín na pictiúir go léir a rinne Kent in Éirinn a aimsiú agus bualadh le gaolta na ndaoine a bhí iontu a bhí beo fós.



Roghnaigh Kent dul ag lorg an chiúnais agus na tírdhreacha áille a bí le fáil in Éirinn. Roimhe sin chaith sé seal in áiteanna a bhí iargúlta agus uaigneach, mar shampla An Phatagóin, An Ghraonlainn agus Talamh an Éisc. Lonnaigh sé i ngleann sceirdiúil gar do Ghleann Cholm Cille agus cheannaigh sé bóitheach (**cowshed**) ó fheirmeoir áitiúil Dan Ward chun é a úsáid mar stiúideo ealaíne. Bhí sé an-chairdiúil lena chomharsana, agus bhain Kent úsáid as na daoine áitiúla ina phictiúir. Bhí meas mór ar Kent sa cheantar mórthimpeall agus tá cuimhne air fós i nDún na nGall. Chomh maith leis sin tá an bóitheach ann fós! Bhí Annie fiche bliain d’aois nuair a rinneadh an pictiúr luaite thuas. Pictiúr álainn eile a rinne Kent is ea an ceann leis an ainm “*Dan Ward’s Stack*” ina bhfuil Dan agus a chomharsana le feiceáil ag déanamh coca féir. Dúirt Dan leis an ealaíontóir go raibh na pictiúir go léir “uafásach”!!




Chuaigh Kent ar ais go Meiriceá le 36 phictiúr. D’fhan sé i dteagmháil le Dan agus le Dún na nGall. Ag an am sin bhí suim mhór ag Kent i gcúrsaí sóisialachais. Thacaigh sé le dí-armáil núicléach (**nuclear disarmament**). De réir sin chuaigh sé i dteagmháil le rialtas na Rúise chun an beartas sin a chur chun cinn. Cuireadh ina leith ag rialtas Meiriceá gur Chumannaí (**Communist**) ab ea é. Shéan sé sin (**denied it**). Cheistigh an Seanadóir Mac Carthaigh é maidir lena bheartais pholaitiúla. Rinne rialtas Mheiriceá iarracht gan ligean dó pas a fháil. Tháinig an cás os comhair na Cúirte Uachtaraí (**Supreme Court**) agus bhí an bua ag Kent agus fuair sé pas sa bhliain 1958. Ag an am sin bhí Dan Ward ag iarraidh a fheirm a dhíol do Kent ach ní raibh sé in ann taisteal go hÉirinn de réir na praisí leis an bpas. Ba é chéad áit a ndeachaigh sé ná Dún na nGall. Faraor bhí an fheirm díolta ag Dan Ward, cúis díomá do Kent.

Tar éis sin chuaigh sé go dtí an Rúis agus bhronn sé 83 phictiúr ar na Rúisigh, an pictiúr “*Dan Ward’s Stack*” san áireamh. Chuaigh Caoimhín ag lorg na bpictiúir go dtí Nua Eabhrach agus Naomh Petersburg. Bhí siad ar taispeáint i ndánlanna (**galleries**) éagsúla agus bhí chinn eile i mbailiúcháin ealaíne phríobháideacha. Chonaic Magee an pictiúr de Annie ag teach duine shaibhir i Nua Eabhrach. Chuaigh Magee ar ais go Dún na nGall ag lorg an ceantar ina raibh Kent ina chónaí. D’aimsigh sé an gleann ina raibh bóitheach Dan Ward. Bhuail sé le cúpla duine aosta a raibh aithne acu ar Kent agus ar Annie agus an scéal rómánsach (**idealised**) go léir. Bhuail sé le hiníon Annie agus dúirt sise gur léir go raibh Kent i ngrá le hAnnie. Is léir é sin ón bpictiúr chomh maith. Fuair Kent bás sa bhliain 1971. Is mór an trua nach raibh a phictiúir ar taispeáint in Éirinn fós!!



BÍOBLA BEDELL

Seán Ó Fearghail



Rugadh William Bedell in Essex, Sasana i 1571 agus ceapadh é mar Phropast Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath i 1627 cé nach raibh aon bhaint aige le hÉirinn roimhe sin. Bhuail sé le Muircheartaigh Ó Cionga (nó Murtagh King) a bhí ag múineadh Gaeilge sa Choláiste. Chreid Bedell, a raibh suim aige i dteangacha i gcónaí, go láidir nach mbeadh aon rath ag an Reifirméisean in Éirinn gan eolas ar an nGaeilge a bheith ag na ministrí. Ní bheadh aon chaoi go bhféadfadh Eaglais na hÉireann cur ina luí ar na Gaeil Chaitliceacha glacach leis an bProtastúnachas mura mbeadh siad in ann an teanga áitiúil a labhairt.

D'fhostaigh sé Ó Cionga chun an Ghaeilge a mhúineadh dó, agus d'aistrigh Ó Cionga i dteannta le Shéamas de Nóglá (James Nangle) na Sailm go Gaeilge le húsáid sa Choláiste. D'eagraigh Bedell go léifeadh Ó Cionga caibidil den Tiomna Nua gach lá ag an dinnéar, agus go ndéarfaí urnaí Gaeilge gach lá sa Séipéal.

Níl mórán eolais ar Ó Cionga féin, ach ceaptar gurbh ó theaghlach aitheanta filí agus scríbhneoirí in Uíbh Fhailí é (eolas: www.ainm.ie).

I 1629 ceapadh Bedell mar Easpag Dheoise na Cille Móire agus Ardach i gContae an Chabháin, áit ar thosaigh sé deireadh a chur le mí-úsáid san Eaglais. Spreag sé úsáid na Gaeilge agus níor cheap sé ach daoine le Gaeilge do na paróistí. D'aistrigh sé Ó Cionga agus de Nóglá go dtí an Cabhán chun dul ag obair ar aistriúchán an tSean-Tiomna leis agus cheap sé Ó Cionga mar Reachtaire Pharóiste Theampall an Phoirt. Cé gur chaitliceach é Ó Cionga tráth, ghlac sé an post sin gan drogall.



Eaglais Naomh Peadar, Teampall an Phoirt, Contae an Chabháin

Ní raibh móra measa ag cléir na deoise ar Bedell toisc gur chosain sé na Caitlicigh ó ghéarleanúint agus mar sin bhí an-chuid naimhde aige sa Chill Mhór. Bhraith an chléir go raibh sé rómhaith don Ghaeilge, agus chun baint d'údarás Bedell chuir siad i leith Uí Chionga i 1638 nach raibh eolas ceart aige ar an teagasc ná ar an gcleachtas Protastúnach agus gur Chaitliceach é, Mhaigh siad nach raibh Ó Cionga ag freastal ar a phobal i gceart, go ndéanadh sé a laghad agus ab fhéidir leis ina phost mar Bhiocáire Theampall an Phoirt. Go deimhin, bhí a bhean chéile, Margery, agus a pháistí fós ina gCaitlicigh. Gabhadh é i 1638 ar amhras gur Chaitliceach é agus cuireadh i bpríosún i mBaile Átha Cliath é, in ainneoin aighneachtaí Bedell.

Níor foilsíodh an Sean-Tiomna Gaelach, ar oibrigh Bedell, Ó Cionga agus de Nóglá, ach sa bhliain 1685.

D'éag William Bedell go luath i 1643 agus meath tagtha ar a shláinte ón ngeimhridh chrua a chaith sé i gcaisleán Chloch Locha Uachtair i Loch Éirne. Ní fios cad a tharla do Ó Cionga tar éis a ghabhála i 1638, ach ceaptar go bhfuair sé bás i 1638 nó go luath i 1639, agus bhog a bhean chéile ar ais go Uíbh Fhailí. Cé go raibh sé bocht agus go raibh míchlú air nuair d'éag sé, d'fhág sé oidhreacht mhór dúinn as an obair ríthábhachtach a rinne sé chun chéad aistriúchán an tSean-Tiomna a fhágáil ina dhiaidh.



Leac i reilig Ard-Eaglais na Cille Móire, Contae an Chabháin



LEABHAIR GHAeilGE 2018

Pádraig Mac Éil

Chuardaigh mé litríocht.com d'eolas faoi leabhair i nGaeilge. Luann an suíomh gach leabhar Gaeilge atá i gcló. Faoin aois ghrúpa 0-5 bliana d'aois bhí 264 thoradh; faoin aois ghrúpa 6-12 bhliain bhí 757 dtoradh agus do dhéagóirí/d'fhoghlaimoirí bhí 143 thoradh. Mar sin tá rogha fhairsing agat agus ba cheart go mbeidh tú in ann teacht ar leabhar atá oiriúnach duitse agus do do chairde/ghaolta don Nollaig. Shocraigh mé díriú ar na leabhair a foilsíodh i 2018.



Sa chatagóir 0-5 bliana tá *Babaí Cathal: Am dul a luí*, *Percy Péacóg*, *Rita agus an Dragún*, *Peigín Leitir Móir* (rogha amhrán agus rann le dlúthdhiosca), *An Saor Cloiche Mishona*, agus sraith shé leabhar *Macán an mac tíre* (*Macán ar an Trá*, *Macán agus an Gobán*, *Macán ar Saoire*, *An Mac Tíre a bhí sa tóir ar an ngrá*, *An Mac Tíre nach raibh sásta siúl*, *An Mac Tíre a raibh faitíos an domhain air*). Leabhar feiliúnach do thuismitheoirí/seantuismitheoirí! le húsáid lena bpáistí/ngarpáistí is ea *Bróga Nua 2*. Tá breis agus céad amhrán agus rann ann le dhá dhlúthdhiosca agus aistriúchán Béarla. Cuir na paistí ag canadh i nGaeilge!



Do pháistí idir 6 is 11 bhliain d'aois féach ar *Ainmhithe na hÉireann*, *Giolcaireacht sa ghairdín*, *Muiréann agus an fharráige fhiáin*, *Na Gamaíl*, *Bertie Brocach* (3 leabhar): *Pian*, *Praiseach*, agus *Bréantas*, *Tragóid atá ligthe i ndearmad* (*RMS Leinster*), sraith nua dhátheangach le Declan Collinge (*Cúchulainn*, *Clann Lir*, *Scéal Fhinn*, *Labhraidh Loinseach*, *Diarmuid agus Gráinne*, *Oisín i dtír na nÓg*) agus *Asarlai Iontach Oz* faoi Dorataí ar an mbealach chuig Cathair na Smaragaidí.

Do dhéagóirí agus d'fhoghlaimoirí tá *Scéalta le hinsint don Ghealach*, *Cú 2* (leabhar grafach), *Sarú* (an tríú scéal i sraith) le hAnna Heusaff, *Dialann Emily Porter: An Jaitacht* (cailín i gColáiste Samhraidh sa Ghaeltacht!), agus *Fuascailt an Iriseora* (an dara scéal faoin iriseoir Bríd). Do dhaoine fásta tá úrscéalta agus gearrscéalta le fáil, mar shampla *Réiteach na Faidhbe* (bean óg ag iarraidh ciall a bhaint as a saol), *Dialann mo Mháthar* (mídhílseacht phósta inste ag iníon na lánúine), *Teach an Gheaftha* (ógfhear agus samhradh cinniúnach a chaith sé i Mín na Móna), *Tuatha Dé Danann*, (athinsint bhriomhar scéal Chath Mhaigh Tuireadh), *Scéalta ón Éigipt*, *Taithí Oibre* (triúr déagóirí agus an idirbhliain), *An Capall Dubh agus scéalta eile*, *An Chomhcheilg* (bás bheirt ógbhan agus an chomhcheilg taobh thiar de), *Iúir Ársa agus Taibhsí Eile* (cuntas faoi aistear trí dheisceart na hAlban agus iarthuaisceart Shasana) agus na leabhair a d'iarr mé ó Dhaidí na Nollag, úrscéal cruabhruite (**hardboiled**) bleachtairreachta ó Alan Titley, *Lámh*, *Lámh eile* agus leabhair staire faoi laoch na Gaeilge, *Luise Ghabhánach Ní Dhufaigh*.






CROSFHOCAL BÉARLA-GAEILGE XBG-36

TRASNA

SÍOS



1	skull (6)	2	partition (7)
5	measure (6)	3	adornment (4)
9	charioteer (3)	4	I turn (6)
11	cohabitation (7)	5	while (6)
12	militia (7)	6	slow (4)
13	putt (4)	7	translation (7)
14	sense (5)	8	move (6)
16	fine (4)	10	ventilation (6)
18	honey (3)	15	penance (6)
20	target (6)	17	path (5)
23	supporting (6)	19	thin (5)
25	November (7)	21	kiss (3)
26	at (2)	22	what (3)
27	boat (3)	23	tender (3)
28	eruption (6)	24	eat (3)
32	smooth (3)	26	aphid (5)
34	bug (4)	29	corridor (7)
35	spear (2)	30	insult (5)
36	about (2)	31	riot (6)
37	again (4)	32	small ox (6)
39	russet (3)	33	news (6)
41	draft (7)	38	hot tea (4)
42	hung (7)	40	rude (4)
43	ford (3)		
44	fork (7)		



CUARDACH FOCAL 36

báid 2 / boats 2

S	L	D	R	E	A	N	C	A	I	D	O	L	E	D
N	Á	H	M	A	N	R	A	E	C	A	Á	M	H	R
S	L	A	N	S	F	R	I	T	C	I	L	H	C	I
Á	C	R	N	C	L	O	R	Ú	R	A	C	A	I	U
B	D	A	A	A	D	I	C	N	I	A	R	D	O	I
N	E	P	R	Ó	G	A	U	D	E	L	L	A	H	L
S	Á	Ó	D	A	E	O	I	H	P	M	L	O	F	L
Á	S	L	A	R	B	R	B	L	C	G	I	I	L	I
B	E	A	L	A	D	N	N	A	Ó	D	U	L	Á	A
H	B	R	T	A	I	Ú	I	R	C	T	A	Ó	G	T
C	N	B	S	Á	P	H	P	Á	N	H	C	L	Ó	G
H	I	S	R	S	O	M	C	B	A	R	Á	C	S	F
U	Á	C	L	O	A	D	U	S	L	E	É	N	M	L
I	R	É	A	L	D	O	I	R	B	C	D	A	L	Á
L	C	H	D	L	I	U	H	C	T	I	R	F	P	G

bárc (barque)	frigéad (frigate)
bruig (brig)	gaileon (galleon)
builciompróir (bulk freighter)	gailias (galleass)
carbhal (caravel)	línear (liner)
carrac (carrack)	rámhlong (galley)
cathlong (battleship)	tancaer (tanker)
coirbhéad (corvette)	teachtaire (dispatch boat)
cúrsóir (cruiser)	scúnar (schooner)



ATHBHREITHNIÚ AR AN mBLIAIN

Pádraig Mac Éil

Tá an iris seo cúig bliana ar an bhfód anois. Seo an 36ú heagrán agus is dócha gur beart de shaghas éigin é sin! Cuireadh ar bun í chun deis a thabhairt do Ghaeilgeoirí na Maidineacha Caife agus na gciorcaí comhrá Gaeilge scríofa a chleachtadh agus a fhoilsiú. Giotáí beaga atá i gceist, 250-550 focal faoi aon (agus gach) ábhar - cuimhne chinn, stair, béaloideas, taisteal, eolaíocht, seandálaíocht, agus mar sin de. D'éirigh linn 200 cóip a chlóbhualadh agus a dhíol gach re mí, ardú beag ar 2017. Líon 27 scríbhneoir na leathanaigh (72) i 2018 agus buíochas dá gcuid oibre déine bhíomar in ann leanúint ar aghaidh don bhliain. Seo iad laochscríbhneoirí na bliana: Nuala Bhreathnach (dánta), Máire Blundell, Finbar Greany, Pádraig Mac Éil, Ben Mac Lochlainn, Elizabeth Mawson, Derick Móicléir, Cecily Ní Dhonnabháin, Ríta Ní Ghóilín (dánta), Nóirín Ní Mhaolagáin, Deirdre Ní Mhuineacháin, Nóirín Ní Nuadháin, Georgina Ní Reannacháin, Pádraig Ó Briain, Seán Ó Ceallaigh, Noel Ó Cléirigh (ailt, dán), Pádraig Ó Dhonnchú, Seán Ó Fearghail, Pádraig Ó Gláimhin, Seán Ó hAodha, Pádraig Ó Muircheartaigh (dánta), Seosamh Ó Mulalaí, Antóin Ó Seaghdha, Seosaimhín Ruiséal, Eibhlín Uí Catháin, Áine Uí Mháirtín, agus Úna Walsh.

Bhí 26 scríbhneoir i 2017. Bhí mé ag súil le líon níos mó i mbliana, Bliain na Gaeilge, ach, ar a laghad ba scríbhneoirí nua 16 acu. B'iad na mná, mar is gnáth, a ghlac leis an dúshlán do Bhliain na Gaeilge, 13 i gcomparáid le 6 anuraidh. Ach fós tá an iomarca leathanach le líonadh ag an eagarthóir agus an obair chomh deacair domsa agus atá sé do na daoine thuas. Tá mé ag súil le 30 scríbhneoir do 2019. Mar sin déan iarracht alt amháin a sheoladh chuig irisatot2014@gmail.com sna míonna romhainn. Ná bí ag caint faoi alt a scríobh ach déan an beart. Bí misneach, bí gnóthach agus bí ag scríobh!

An tIasc Fuar

Ar bhuail tú riamh leis an iasc fuar
 is tú ag siúl ar an gcosán úr?
 Bhuel, bhuaileas le ceann
 chomh fuar le sneachta ón Antartach.
 Ní rabhas ag siúl leis a chara,
 ach tháinig sé aniar aduaidh orm, i mo threo.
 Ar mhothaigh tú ariamh iasc fuar?
 An bhfaca tú ceann ag siúl i do threo?
 Táim cinnte go bhfaca ach níor thuigeas
 is ní thuigeann tú go fóill brí an éisc fhuair.
 Ach tuigimse, agus mothaím é gach lá,
 gach uair a bhíonn an ghrian is an tsíon in aimsir;
 ach sé mo mholadh tréan
 seachain an t-iasc fuar

Pádraig Ó Muircheartaigh

CROSFHOCAL BG XBG-35: RÉITEACH

	1	P	2	L	U	3	A	I	4	S		5	A	G	6	A	I	7	R	T				
8	S			Ó				I			9	L	A	G			I		Í		10	S		
11	M	Á	I	N	L	I	A				12	A	I	N	E	O	I	L						
	A	S		L			C				I		M			G						Á		
13	C	A	T	H			14	M	Á	15	S	L	A			16	L	A	N	N				
	H		Í				17	T		18	Í	O	L			19	C					A		
20	T	21	O	N	N	Á	22	N			C			23	C	A	T	H	24	A	Í			
	R						25	C	A	B	H	A	I	R								C		
26	U	M					27	S	L	Í		A			28	S	Ú	I	29	C	H	30	E	
	R						31	I				32	A	R	33	D			L			A	O	
34	L	I	N	N				35	I	M					36	R	Í			37	I	D	I	R
	Á		S				38	B			39	A	M	Ú			40	A				H		N
41	R	A	I	C	É	A	D				42	C	Á	S	A	N	N	A						
											43	Á	T	H				A				R		
44	C	A	T	H	L	Á	N				45	T	Á	M	H	A	C	H						

CUARDACH FOCAL 35: RÉITEACH

S	L	D	R	E	A	N	C	A	I	D	O	L	E	D
N	Á	H	M	A	N	R	A	E	C	A	Á	M	H	R
S	L	A	N	S	F	R	I	T	C	I	L	H	C	I
A	C	R	N	C	L	O	R	Ú	R	A	C	A	I	U
B	D	A	A	A	D	I	C	N	I	A	R	D	O	I
N	E	P	R	Ó	G	A	U	D	E	L	L	A	H	L
S	Á	Ó	D	A	E	O	I	H	P	M	L	O	F	L
Á	S	L	A	R	B	R	B	L	C	G	I	L	L	I
B	E	A	L	A	D	N	N	A	Ó	D	U	L	Á	A
H	B	R	T	A	I	Ú	I	R	C	T	A	Ó	G	T
C	N	B	S	Á	P	H	P	Á	N	H	C	L	Ó	G
H	I	S	R	S	O	M	C	B	A	R	Á	C	S	F
U	Á	C	L	O	A	D	U	S	L	E	E	N	M	L
I	R	É	A	L	D	O	I	R	B	C	D	A	L	Á
L	C	H	D	L	I	U	H	C	T	I	R	F	P	G

SEANFHOCAL

An té a bhíonn siúlach bíonn sé scéalach



OIFIGEACH GAEILGE i gCLG

Seosamh Ó Mulalaí

Is Oifigeach Gaeilge mé i gclub Cumann Lúthchleas Gael, *Na Fianna*, ar Bhóthar Mobhí, Glas Naíon. Thogh na baill mé ag an gcruinniú cinn bhliana. Tá sé sna rialacha ag CLG go mbeidh Oifigeach Gaeilge ar an gCoiste Feidhmiúcháin i ngach aon chlub.

Is é ról an Oifigigh Gaeilge i gclub CLG ná an Ghaeilge a chur chun cinn sa chlub agus i measc bhaill an chlub. D'fhéadfaí an t-uafás a dhéanamh faoin gceannlíne sin. D'fhéadfaí, agus faic a dhéanamh chomh maith gan dabht! Ar dtús is maith an mhaise é pleán de shaghas éigin a leagan amach, na daoine sa Chlub gur suim leo an Ghaeilge a bhailiú le chéile chun plé a dhéanamh ar 'an Ghaeilge sa Chlub', na smaointe agus na tuairimí go léir a chur le chéile agus b'fhéidir, ansin, díriú ar sprioc (**objective**) nó dhó nó trí. Ansin is féidir béim a chur ar na spriocanna sin chun tosach a chur leis an obair. Tosach maith leath na hoibre!



Is Gaeilgeoirí iad cuid mhór de bhaill *Na Fianna*. Tá an club lonnaithe (**situated**), a bheag nó a mhór, ar an gcampas céanna le dhá Ghaelscoil, Scoil Mobhí (bunscoil) agus Scoil Chaitríona (meánscoil). Cloistear an Ghaeilge á labhairt mórthimpeall an Chlub – tuismitheoirí ag labhairt lena bpáistí, baill fásta ag labhairt lena chéile. Bhraitheas féin, i mo ról mar Oifigeach Gaeilge, nuair a thugas faoi eachtraí a eagrú agus faoi thograí (**projects**) a chur chun cinn, gur chuir beagnach gach aon bhall fáilte roimh an nGaeilge agus roimh an méid a bhí ar siúl againn.

Thosaíomar rang Gaeilge labhartha, uair a chloig gach oíche Déardaoin sa Chlub, rang neamhfhoirmiúil, spraoiúil, gan brú ar bith, do thuismitheoirí, do dhaoine ar bheagán Gaeilge, agus do dhaoine sách líofa. Daoine a spreagadh chun Gaeilge a labhairt, sin a bhí uainn, seans a thabhairt dóibh í a labhairt, na focail a roinnt leo, na habairtí is na hábhair. Bhí sé saor in aisce do chách. Agus tháinig siad, tuismitheoirí gur mhaith leo Gaeilge a labhairt lena bpáistí nó cabhair obair bhaile a thabhairt dóibh agus daoine ar scor (**retired**) go mba mhian leo an mheirg a scríobadh (**scrape the rust**) dá gcuid Gaeilge féin. Ba Ghaeil iad a bhformhór ach glac bheag ó thíortha i gcéin freisin. Cuireadh fáilte rompu uile. Rinne na múinteoirí a ndícheall na daltaí a chur ar a gcompord agus a spreagadh chun cainte. Beirt bhall den chlub iad na múinteoirí gan mórán taithí múinteoireachta acu. Ach d'éirigh leo. Timpeall tríocha duine a d'fhreastail ar na ranganna sa chéad bhabhta le cúig dhuine dhéag i láthair go rialta gach Déardaoin. I mbliana bíonn cúig is fiche ag treabhadh (**ploughing**) leo gach Déardaoin agus ceathrar múinteoirí.

Bailimid suas don bheár ag críoch an ranga (8.30pm), áit a mbíonn an Ciorcal Comhrá ar siúl le cupán tae, briosca agus comhrá agus deoch éigin eile más mian leat. Tagann na ceoltóirí timpeall a deich agus bíonn seisiún den scoth ansin go ham marbh na hoíche! Fáilte roimh chách agus ár mbeannacht orthu siúd gur gá dóibh filleadh abhaile go luath chun bheith i riocht (**fit**) don lá oibre Dé hAoine. Oíche Déardaoin ar Bhóthar Mobhí – aoibhneas!

Tá a lán eile ar siúl trí Ghaeilge sa chlub. Maidin Shathairn bíonn na céadta páiste ag gabháil do na cluichí Gaelacha ar Bhóthar Mobhí ag Naíonra Na Fianna. Bíonn Gaeilgeoirí an Chlub ag plé leo agus lena dtuismitheoirí ag scaipeadh leathanach le hAbairtín na Seachtaine, nath beag de leithéid '*Mo cheol thú!*' '*Maith an cailín*', '*Thar an trasnán*'. Táimid ag iarraidh meantóirí (**mentors**) agus imreoirí na bhfoirne óga faoi 9 go dtí faoi 16 a spreagadh chun cúpla focal Gaeilge a labhairt. Seachtain na Gaeilge bíonn an Lá Glas againn ag an Naíonra agus Fleadh na bhFiann, féile bheag ceoil, rince agus scéalaíochta do na páistí. Agus tuilleadh fós.

Ba laoch (**hero**) do mhuintir CLG é Seosamh MacDonncha (**Joe McDonagh**), Gaillimheach, iománaí agus iarUachtarán CLG. D'imigh sé uainn go róluath, go ndéana Dia grásta air. Tá Fondúireacht (**Foundation**) Sheosaimh Mhic Dhonncha curtha ar bun ag CLG agus Glór na nGael, atá ag obair ar scáth a chéile chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa CLG. Bhuaigh CLG Na Fianna bonn cré-umha (**bronze**) na Fondúireachta sa bhliain 2017 agus an bonn airgid i 2018. An bonn óir an sprioc anois ... leanfaimid orainn ag iarraidh an Ghaeilge a chur chun cinn sa chlub agus sa cheantar, le spraoi, le héirim, lán dóchas is grá.